

SÉ PINGNE LÁ AONAIGH AGUS É FLIUCH

Beirt as an mbaile seo a bhí ann. Bhí fear aca a' guil a' ceannacht bó agus an fear eile a' guil a' díol bó. Colm Ó Uaithnín a bhí a' gul a' díol bó agus Pádraic Ó Caola a bhí a' ceannacht bó. Níor dhíol an t-Uaithníneach an bhó agus níor cheannuigh a Caolach. Is amhlaidh a bhí sé, shiubhail an bheirt acab amach as Cloch na Róngo dtáinig siad ag siopa a bhí ar an mbóthar ag an Abhainn Mhór.

"Tá sé chomh maith dúinn builíní a cheannacht" adeir an Caolach, "agus bhigfimid an bhó. "Tá sé chomh maith" adeir an t-Uaithníneach."

"Ceannócha mé luach sgillinge" adeir an Caolach.

"Ceannuigh" adeir an t-Uaithníneach, agus íocfaidh mise sé pingne leat nuair a ghabhfas mé abhaile, nuair a gheitheas mé airgead." Bhí an lá an-fhliuch agus bhí fonn ortha sgathamh a chaitheamh sa teach.

Cheannuigh an Caolach ceithre builíní ar sgilling agus bhligheadar an bhó. Bhruith siad pota bainne agus chuireadar an t-arán síos ann agus d'itheadar agus d'óladar a ndóthain.

Bhuaileadar bóthar agus shiubhladar ao dtáinigedar abhaile go Ruisín na mBan-Aoidheach. Nuair a tháinig siad abhaile níor chuimhnigh an t-Uaithníneach na sé pingne a thabhairt don Chaolach go raibh sé bliain. D'imthigh sé as a chloigeann. Bhí an t-Uaithníneach a' dóghadh ceilpe agus tháinig an Caolach chomh fada leis dá suathadh. Nuair a bhíodar a' suathadh na tornóige tháinig foileán os a gcionn agus thosuigh sé a' gleo.

"A Chuilm, an bhfuil fhios agat céard atá an foileán a rádh."

"Maise, níl fhios" adeir an t-Uaithníneach.

"Tá fhios ag mo choinsias" adeir an Caolach, "go bhfuil fhios agam-sa céard tá sé a rádh."

"Muise b'fhéidir go bhfuil" adeir an t-Uaithníneach.

"Céard atá sé a rádh?"

"Sé pingne

Sé pingne

Sé pingne

Lá aonaigh

Lá aonaigh

Lá aonaigh

Agus é fliuch" adeir an Caolach.

“Tá tú ceart” adeir an t-Uaithníneach. “Níor chuimhnigh mise ariamh ar sin, ach cuimneocha mé i mbárach air ó tharla gur chuimhnigh an foileán air.

Micilín 8/11/32